

Louth County Council Comhairle Contae Lú

Cuid XI den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)

Cuid 8, Airteagal 81 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú)

FÓGRA LÁITHREÁIN

Tugann Comhairle Contae Lú fógra leis seo go bhfuil sé i gceist aici oibreacha a dhéanamh ag an Seanstáisiún Caidéalaithe, Garrán na Cluana, Dún Dealgan, Contae Lú. Baineann na hoibreacha atá beartaithe le hathrú úsáide ar an stáisiún caidéalaithe tréigthe atá ann cheana féin go dtí foirgneamh taispeántais nó músaem. Áirítear na nithe seo a leanas leis na hoibreacha:

- Bain an struchtúr díon atá ann faoi láthair agus cuir ceann nua ina áit. Airde an dín a mhéadú faoi 2.3m ar thaobh amháin, gloiniú breise a chur ar imlíne an fhoirgnimh agus doirse rochtana a shuiteáil, chomh maith le mionathruithe inmheánacha, soilsiú seachtrach ar leibhéal íseal agus comharthaíocht don fhoirgneamh.
- Foráil chun cosáin, pábháil, colbhaí, córais draenála agus tírdhreachú a uasghrádú, agus chun plaic chomórtha nua a shuiteáil.
- Nasc beartaithe leis an séarachas poiblí.

De réir Airteagal 81 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú), tá Comhairle Contae Lú tar éis teacht ar an gconclúid, tar éis réamhscrúdú de bhun fhorálacha Airteagal 120(1)(b)(i) de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú), nach bhfuil aon dóchúlacht iarbhrí ann go mbeidh éifeachtaí suntasacha ar an gcomhshaol mar thoradh ar an bhforbairt atá beartaithe agus nach bhfuil gá le Measúnacht Tionchair ar an gComhshaol.

I gcás go measann aon duine gur dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol, féadfaidh sé nó sí, tráth ar bith roimh dheireadh na tréimhse 4 seachtaine dar tús dáta foilsithe an fhógra seo, iarratas a dhéanamh de réir fhorálacha Airteagal 120 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú) chuig an Coimisiún Pleanála chun cinneadh scagtha a fháil i dtaobh an dócha go mbeidh tionchar den sórt sin ag an bhforbairt.

De réir fhorálacha Airteagal 250 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú), rinne Comhairle Contae Lú scagadh le haghaidh Measúnachta Cuí ar an bhforbairt bheartaithe chun measúnú a dhéanamh, i bhfianaise an eolais eolaíoch is fearr, an dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt, ina haonar nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile, ar shuíomh Eorpach. Dá réir sin, chinn Comhairle Contae Lú nach dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt bheartaithe ar shuíomh Eorpach.

Féadfar pleananna agus sonraí na forbartha beartaithe a iniúchadh nó a cheannach, ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh, ón **Máirt, an 15^{Meán} Fómhair 2026 go dtí an Mháirt, an 13^{Deireadh} Fómhair 2026 (an dá dháta san áireamh)**, ag oifigí Chomhairle Contae Lú le linn uaireanta oscailte don phobal ag:

Comhairle Contae Lú, Halla an Chontae, Ionad na Mílaoise, Dún Dealgan, Co. Lú, A91 KFW6.

Beidh pleananna agus sonraí ar fáil lena n-iniúchadh ar líne freisin ag www.louthcoco.ie

Féadfar aighneachtaí nó barúlacha maidir leis an bhforbairt bheartaithe, a bhaineann le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an limistéir ina mbeadh an fhorbairt suite, a chur isteach mar a leanas, agus an tagairt "*Merryweather Museum Part 8*" luaite go soiléir orthu:

- I scríbhinn chuig an té atá sínithe thíos ag **Comhairle Contae Lú, Halla an Chontae, Ionad na Mílaoise, Dún Dealgan, nó**
- Tríd an Tairseach Náisiúnta Pleanála Cuid 8 ag <https://planning.localgov.ie/en>

roimh 5.00 i.n. Dé Máirt, an 27 Deireadh Fómhair 2026.

Dátaithe: an 15 Meán Fómhair 2026

Bryan Coughlan

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach

Príomhthionscadail Chaipitil agus Seachadadh Bonneagair

Comhairle Contae Lú